2024/2396

6.9.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2396 ÓN gCOMHAIRLE

an 6 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Aibreán 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/610 ([1]) lenar bunaíodh Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA), le sainordú go dtí an 19 Meán Fómhair 2018.

(2) An 3 Lúnasa 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1600 ([2]), lenar cuireadh síneadh le EUTM RCA go dtí an 19 Meán Fómhair 2024.

(3) An 15 Samhain 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2709 (2023) lenar léiríodh, *inter alia*, gur díol sásaimh di an obair a rinne EUTM RCA.

(4) An 9 Iúil 2024, bunaithe ar an measúnú straitéiseach ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus ar Mhisean Comhairleach sibhialtach an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUAM RCA), mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú EUTM RCA go dtí an 19 Meán Fómhair 2025 agus go ndéanfaí measúnú straitéiseach ar an dá Mhisean in am trátha.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBSC) 2016/610 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 mar a leanas:

(1) In Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘7. EUR 5.84 milliún a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna EUTM RCA don tréimhse ón 20 Meán Fómhair 2024 go dtí an 19 Meán Fómhair 2025. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, 30 % le haghaidh gealltanas agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.’

(2) In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Gan dochar do mheasúnú straitéiseach a bheidh le déanamh ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála in am trátha, tiocfaidh deireadh le sainordú EUTM RCA an 19 Meán Fómhair 2025.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L 104, 20.4.2016, lch. 21).

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/1600 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L 196, 4.8.2023, lch. 35).